

MÍNIÚ AR CHRIPTÉASHÓCMHAINNÍ:

Cad a chiallaíonn MICA duit mar thomhaltóir



Cad is cripteashócmhainn ann?

Is éard is cripteashócmhainn ann léiriú digiteach ar luach nó ar cheart is féidir a aistriú agus a stóráil go leictreonach, trí úsáid a bhaint as mórleabhar dáilte¹ nó as teicneolaíocht chomhchosúil eile.

Is samplaí aitheanta de chripteashócmhainní iad BTC (Bitcoin) agus ETH (Ethereum), ach cuimsíonn an margadh cripteashócmhainní raon leathan sócmhainní eile amháil 'cripteamhonaí cobhsaí'², 'monaí méime'³ agus comharthaí neamh-idirmhalartacha (NFTanna)⁴ mar a thugtar orthu.

San Aontas Eorpach, rialáiltear leis an Rialachán maidir le Margaí Cripteashócmhainní (MiCA) gníomhaíochtaí a bhaineann le cripteashócmhainní áirithe. Ceann de chuspóirí MiCA is ea rialacha comhchuibhithe a bheith ann maidir le cripteashócmhainní agus seirbhísí ar fud an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear cosaint níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí (e.g. rochtain a fháil ar fhaisnéis chuimsitheach, nósanna imeachta trédhearcacha maidir le gearáin a láimhseáil etc.).

Ag brath ar an gcineál cripteashócmhainne nó seirbhísí cripteashócmhainní (rialáilte, neamhrialáilte) agus ar an soláthraí (e.g. neamhúdaraíthe, bunaithe lasmuigh den Aontas), d'fhéadfadh rioscaí níos airde agus leibhéil éagsúla cosanta a bheith os do chomhair. Tá sé ríthábhachtach tuiscint a fháil ar na rioscaí a bhféadfá a bheith neamhchosanta orthu sula gceannóidh tú aon chineál cripteashócmhainne nó sula n-úsáidfídh tú aon seirbhísí cripteashócmhainní.

Féach an comhrabhadh ó na húdaráis Mhaoirseachta Eorpacha chun tuilleadh a fhoghlaim faoi na rioscaí [shorturl.at/abVSk].

¹ TEICNEOLAÍOCHT MÓRLEABHAR DÁILTE (DLT):

Is taifead faisnéise, nó bunachar sonraí é mórleabhar dáilte, a roinntear ar fud líonra. An cineál mórleabhar dáilte is fearr aithne is ea blocshlabhra, a ainmnítear amhlaidh toisc go stóráilann sé idirbhearta aonair i ngrúpaí, nó i mbloic, atá ceangailte lena chéile in ord croineolaíoch chun slabhra a chruthú.

Úsáidtear teicneolaíocht mórleabhar dáilte chun cineálacha éagsúla sócmhainní a aistriú idir ceannaitheoir agus díoltóir.

² CRIPTEAMHONAÍ COBHSAÍ:

Is éard is 'cripteamhonaí cobhsaí' ann cripteashócmhainn a airbheartaíonn luach cobhsaí a choinneáil faoi threoir sócmhainn amháin (e.g. airgeadra fiat) nó roinnt sócmhainní. D'fhéadfadh sé nach mbeadh cripteamhonaí cobhsaí chomh cobhsaí sin, go háirithe i ndálaí anáis sa mhargadh.

³ MONAÍ MÉIME:

Is cripteashócmhainní iad monaí méime a ainmnítear i ndiaidh treochtaí, ábhair ghreannmhara nó spráil. De ghnáth, cruthaítear iad chun pobal a mhealladh agus is féidir iad a úsáid in íocaíochtaí idir píaí, in infheistíocht amhantrach, nó i dtrádáil. In a lán cásanna, tá suíomhanna Gréasáin ag gabháil leo le téamaí barrúla, uaireanta téarmaí amaideacha, agus déanann a gcruithitheoirí agus a lucht leanúna muintearas idir daoine a spreagadh chun daoine eile a mhealladh.

⁴ COMHARTHAÍ NEAMH-IDIRMHALARTACHA (NFTANNA):

Is sócmhainní digiteacha uathúla agus neamh-idirmhalartacha iad a stóráiltear ar líonra mórleabhar dáilte, lena n-áirítear ealaín dhigiteach agus earraí inbhailithe.

Táirgí atá inmhálaithe agus a mhargaítear le tomhaltóirí mar NFTanna, ach atá mar chuid de shraith nó de bhailiúchán, d'fhéadfadh sé nach NFTanna iad agus d'fhéadfá iad a rialáil dá bhrí sin faoi MiCA.

Cé na cripteashócmhainní a rialáiltear faoin Rialachán maidir le Margaí Cripteashócmhainní agus cé na cinn nach rialáiltear

Cumhdaíonn an Rialachán maidir le Margaí Cripteashócmhainní trí chineál cripteashócmhainní:



Comharthaí ríomh-airgid (EMTanna)⁵: cripteashócmhainní a airbheartaíonn luach cobhsaí a choinneáil ar bun trí thagairt a dhéanamh do luach airgeadra oifigiúil amháin e.g. Euro, Dollar. Má tá EMT agat, tá sé de cheart agat d'airgead a fháil ar ais ón eisitheoir ar a luach iomlán, san airgeadra dá dtagraíonn sé.



Comharthaí sócmhainn-tagartha (ARTanna)⁶: cripteashócmhainní a airbheartaíonn luach cobhsaí a choinneáil ar bun trí thagairt a dhéanamh do luach nó ceart eile nó teaghlaim díobh (e.g. airgeadra oifigiúil, tráchtairraí, sócmhainní eile). Is féidir leat ART a fhuascailt ag margadhluach na sócmhainne/na sócmhainní dá dtagraíonn sé.



Cripteashócmhainní seachas EMTanna agus ARTanna: comharthaí fóntais⁷ agus cripteashócmhainní 'eile' nach EMTanna ná ARTanna iad nó atá eisiata ar bhealach eile ó MiCA.

⁵ COMHARTHAÍ RÍOMH-AIRGID:

- Cineálacha cripteashócmhainne a airbheartaíonn luach cobhsaí a choinneáil trí thagairt a dhéanamh do luach airgeadra oifigiúil (e.g. Euro, dollar etc.)
- Ní féidir ach le hinstiúidí creidmheasa nó le hinstiúidí ríomh-airgid EMTanna a thairiscint don phobal nó a iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála san Aontas Eorpach
- ní dheonaíonn siad leasanna do shealbhóirí;

⁶ COMHARTHAÍ SÓCMHAINN-TAGARTHA:

- Cripteashócmhainní nach EMTanna iad
- Ní fhéadfaidh ach institiúidí creidmheasa nó eisitheoirí údaraíthe MiCA ARTanna a thairiscint don phobal nó a iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála san Aontas Eorpach
- Is féidir tagairt a dhéanamh do sócmhainn eile, lena n-áirítear airgeadra oifigiúil amháin nó níos mó, cripteashócmhainní eile nó teaghlaim díobh;
- ní dheonaíonn siad leasanna do shealbhóirí

⁷ COMHARTHAÍ FÓNTAIS:

Is cineál cripteashócmhainní iad arb é an t-aon chuspóir atá leo rochtain a sholáthar ar earra nó ar sheirbhís a thairgeann eisitheoir an chomhartha sin.

Níl feidhm ag MiCA maidir leis na cineálacha cripteashócmhainní seo a leanas:

- X** **Cripteashócmhainní atá uathúil agus neamh-idirmhalartach.** Níl siad sin inmhálartaithe go héasca agus ní féidir a luach coibhneasta i ndáil le cripteashócmhainn eile a shainaithint go héasca trí chomparáid a dhéanamh le margadh atá ann cheana nó le sócmhainní coibhéiseacha (e.g. réadmhaoin fhíorúil, ainmneacha fearainn agus ítimí a bhfuil fíorú barántúlachta ag teastáil ina leith). Mar sin féin, féadfaidh comharthaí neamh-idirmhalartacha (NFTanna) mar a thugtar orthu atá mar chuid de shraith nó de bhailiúchán teacht faoi raon feidhme MiCA fós.
- X** **Comharthaí atá neamh-inaistrithe** (amhail pointí ó scéimeanna dílseachta).
- X** **Cripteashócmhainní a thagann faoi reachtaíocht reatha seirbhísí airgeadais** amhail cripteashócmhainní a cháilíonn mar ionstraimí airgeadais MiFID (e.g. conarthaí díorthach, urrúis inaistrithe). Agus tú ag infheistiú sna sócmhainní sin, bainfidh tú tairbhe as rialacha um chosaint tomhaltóirí/infheisteoirí is infheidhme maidir le sócmhainní airgeadais traidisiúnta ceadchomharthaíthe.

! *Má cheannaíonn tú nó má dhíolann tú cripteashócmhainní, nó má úsáideann tú seirbhísí cripteashócmhainní, nach rialáiltear faoi MiCA ná faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le seirbhísí airgeadais, d'fhéadfá a bheith neamhchosanta ar rioscaí suntasacha agus d'fhéadfadh nach mbeadh ach cosaint tomhaltóirí theoranta agat, más ann di ar chor ar bith.*



Soláthraithe cripteashócmhainní a bhféadfá teacht orthu



Soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus cripteashócmhainní a rialáiltear san Aontas:

Tairgeann na gnólachtaí sin táirgí agus seirbhísí do thomhaltóirí a rialáiltear faoi MiCA, lena n-áirítear ARTanna, EMTanna, cumhdach agus riar cripteashócmhainní, agus oibriú ardán agus malartuithe trádála cripteashócmhainní (go fiat⁸ nó cripteashócmhainní eile). Chun a bheith in ann seirbhísí a sholáthar do thomhaltóirí san Aontas, ní mór soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a údarú, rud a chiallaíonn go gcomhlíonann siad ceanglais shonracha a bhaineann le rialachas, caipiteal, iompar agus cosaint tomhaltóirí.

+ *Is féidir leat a sheiceáil an soláthraí údaraithe de chuid an Aontais é soláthraí trí chlár ESMA (shorturl.at/zZwVI) agus suíomh gréasáin Bhanc Ceannais na hÉireann (shorturl.at/v7phO) a sheiceáil.*
Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach ar 'Cad ba chóir duit a dhéanamh sula ndéanann tú infheistiúocht i gcripteashócmhainní?' sa chomhrabhadh ó ÚMEanna (shorturl.at/abVSk)

⁸ FIAT:

Dearbhaítear airgeadra fiat mar dhlíthairiscint agus eisíonn banc ceannais é amhail Dollar na Stát Aontaithe, Euro, etc.

Trádáil cripteashócmhainn go hairgeadra fiat: tagraíonn sé do cheannach, do dhíol nó do thrádáil criptea-airgeadraí le hairgeadra fiat.



Cripteashócmhainní agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní neamhúdaraíthe san⁹ Aontas:

Fiú agus MiCA i bhfeidhm, d'fhéadfá teacht ar sheirbhísí cripteashócmhainní agus cripteashócmhainní a sholáthraíonn gnólachtaí neamhúdaraíthe san Aontas Eorpach. D'fhéadfadh sé nach mbeadh na gnólachtaí sin faoi réir aon rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cleachtais nó coimircí cuí rialachais, caipitil ná trédhearcacha oibriochtúla acu. Dá bhrí sin, d'fhéadfá rioscaí calaoise, míbhainistíochta sócmhainní, nó dócmhainneachta a mhéadú. Áirítear leis sin cripteashócmhainní agus seirbhísí a thairgeann gnólachtaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas

! *Má roghnaíonn tú dul i dteagmháil le soláthraithe neamhúdaraíthe, bí ar an eolas go mb'fhéidir go mbeidh tú neamhchosanta ar rioscaí suntasacha agus go mbeidh cearta teoranta cosanta tomhaltóirí agat nó nach mbeidh aon chearta cosanta tomhaltóirí agat ar chor ar bith. D'fhéadfadh caillteanas a bheith ort, d'fhéadfadh go mbeadh féidearthacht theoranta agat nó nach mbeadh aon fhéidearthacht agat aon sócmhainní a aisghabháil, agus d'fhéadfá tú a fhágáil gan aon réiteach i gcás díospóidí.*

⁹ GNÓLACHT NEAMHÚDARAÍTHE:

Gach gnólacht atá ag feidhmiú san Aontas Eorpach de sháru ar an Rialachán maidir le Margai i gCripteashócmhainní, is gnólacht neamhúdaraíthe é. Ach ní gá gur gnólachtaí neamhdhleathacha iad gnólachtaí neamhúdaraíthe a sholáthraíonn seirbhísí (e.g. sirtheoireacht droim ar ais, díláraithe go hiomlán agus eile lasmuigh de raon feidhme MiCA).